2023.S6T2

2023J001G1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí, 2023

# Gaeilge T2

## Gnáthleibhéal

Déardaoin 8 Meitheamh     Maidin 9:30 - 11:30

270 marc

**Scrúduimhir**

**Lá agus Mí do Bhreithe**

Scríobh 3 Feabhra mar 0302, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

## Treoracha

Tá **dhá** roinn sa pháipéar seo.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Roinn A | 60 marc | Cluastuiscint | 3 cheist |
| Roinn B | 210 marc | Léamh agus Ceapadóireacht | 6 cheist |

Freagair **gach** ceist.

Bíodh na freagraí i nGaeilge ach amháin nuair nach gá é sin.

Níl gach ceist ar cómharc. Luaitear líon na marcanna atá ag gabháil le gach ceist ag barr na ceiste.

Scríobh do chuid freagraí **le peann gorm nó le peann dubh. Ná húsáid peann luaidhe**.

Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca atá ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá curtha ar fáil sa leabhrán seo. Tá spás i gcomhair obair bhreise i ndeireadh an leabhráin. **Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist**.


Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. **Mar sin is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí**.

## Roinn A — Cluastuiscint — 60 marc


**Ceist 1** **(20 marc)**

Cloisfidh tú píosa cainte sa cheist seo. Cloisfidh tú an píosa cainte **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta agus tar éis an dara héisteacht.


**(a)** Cén pictiúr a théann leis an bpíosa cainte seo? Cuir **tic** (✓) leis an bpictiúr ceart.




☐




☐




☐




☐

**(b)** Cén aois í Cáit, deirfiúr Sheáin?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

Cúig bliana déag d'aois ☐
Sé bliana déag d'aois ☐
Fiche bliain d'aois ☐

**(c)** Cén spórt a bhfuil suim mhór ag Seán ann?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

Sa snámh ☐
Sa haca ☐
Sa pheil ☐

**(d)** Cad ba mhaith le Seán a dhéanamh lá éigin?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

Haca a imirt sna Cluichí Oilimpeacha ☐
Snámh sna Cluichí Oilimpeacha ☐
Imirt le foireann iománaíochta Chorcaí ☐

**Ceist 2** **(20 marc)**

Cloisfidh tú fógra sa cheist seo. Cloisfidh tú an fógra **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta agus tar éis an dara héisteacht.

**(a)** Cén pictiúr a théann leis an bhfógra seo? Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.



☐



☐




☐



☐

**(b)** Cé a chuir litir speisialta chuig Róise Bean Uí Néill?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

Muintir Árainn Mhór ☐
Uachtarán na hÉireann ☐
Muintir Dhún na nGall ☐

**(c)** Cé mhéad páiste atá ag Róise Bean Uí Néill?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

Ceathrar ☐
Naonúr ☐
Deichniúr ☐

**(d)** Cá háit a mbeidh cóisir mhór Róise ar siúl anocht?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

I Meiriceá ☐
I dteach Róise ☐
I halla an phobail ☐


**Ceist 3** **(20 marc)**

Cloisfidh tú comhrá sa cheist seo. Cloisfidh tú an comhrá **faoi dhó**. Cloisfidh tú an comhrá ó thús deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú ina **dhá** mhír é. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.


**Mír 1**

**(a)** Cad a bhí ar siúl ag Síle? Cuir **tic** (✓) leis an bpictiúr ceart.


☐


☐


☐



☐

**(b)** Scríobh síos pointe **amháin** eolais faoin aimsir anocht.

**Mír 2**

**(c)** Cé acu díobh seo ab fhearr le Síle?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

- Dul ag rince ☐
- Dul chuig scannán ☐
- Féachaint ar an teilifís ☐

**(d)** Cé a bheidh ag buaileadh isteach chuig Eibhlín thart ar a seacht?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart

- Síle agus a cairde ☐
- Eibhlín agus a cairde ☐
- Mairéad agus a cairde ☐

| Roinn B | Léamh agus Ceapadóireacht | 210 marc |
|---|---|---|

**Ceist 4** **(20 marc)**

Léigh an **fógra** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

# *Ionad Saoire na Gréine*



**Áiseanna den scoth:**

- dhá linn snámha
- ceithre bhialann
- cúirt leadóige agus seomra cluichí
- dioscó do dhéagóirí gach oíche
- club spraoi do pháistí óga
- in aice leis an trá

**Lóistín de gach saghas**:

- óstán galánta
- leaba agus bricfeasta
- tithe ar fáil
- árasáin 2 nó 3 leaba

**Sladmhargadh – lacáiste 15% ar fáil**

Teaghlach (beirt fhásta agus triúr páistí)
€1500 ar lóistín seacht n-oíche

Tuilleadh eolais: Fón 099 327862 **nó** ríomhphost: eolas@ionadsaoirenagreine.eu

**(a)** Cuir in iúl cé acu **fíor** nó **bréagach** atá na habairtí seo a leanas.
Cuir **tic** (✓) sa bhosca ceart.

| | | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|---|
| **(i)** | Linn snámha amháin atá san ionad saoire. | ☐ | ☐ |
| **(ii)** | Is féidir fanacht in árasáin agus i dtithe ann. | ☐ | ☐ |
| **(iii)** | Tá an trá in aice leis an ionad saoire. | ☐ | ☐ |
| **(iv)** | Níl leaba agus bricfeasta ar fáil ann. | ☐ | ☐ |
| **(v)** | Tá lacáiste 15% ar fáil do theaghlach. | ☐ | ☐ |

**(b)** Cén praghas atá ar lóistín seacht n-oíche do theaghlach?

**(c)** Conas is féidir tuilleadh eolais a fháil faoi Ionad Saoire na Gréine?

**Ceist 5** **(20 marc)**

Léigh an fógra seo.




**FÓGRA**

**Scannán: An Cailín Ciúin**

Ionad an Phobail

**Dé hAoine, 23 Meitheamh 2023**

Ag tosú ar 7.30 p.m.

Beidh an t-aisteoir óg Catherine Clinch atá sa phríomhpháirt (Cáit) agus Carrie Crowley a máthair altrama (Eibhlín) i láthair ag caint faoin scannán agus chun ceisteanna a fhreagairt.

**Bígí ann!**

Scríobh teachtaireacht chuig cara leat agus tabhair **cuireadh** dó/di teacht leat go dtí an scannán.



**Ceist 6** **(30 marc)**

Léigh an **fógra** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

# Seachtain na Gaeilge

**Coláiste na Mara, Baile Átha Cliath**

***Lá Mór na Gaeilge***

**13 Márta 2023**

## Bricfeasta Blasta

Ceaintín na Scoile

Praghas: €3.50

Am: 8.00 – 8.45 a.m.



Uisce saor in aisce do gach scoláire

## Seomra na Ríomhairí

**Comórtas *Instagram***

Comhráite agus físeáin as Gaeilge

Ar siúl an lá ar fad

Lean muid: @sngcolaistenamara



## Seomra an Cheoil

**Céilí Mór**

as Gaeilge

Ar siúl: 2.00 p.m. – 3.00 p.m.

Ceol den scoth

Fear an Tí: **Seáinín B**

Duais: Dearbhán €20 don triúr damhsóirí is fearr.


## Halla na Scoile

**Tráth na gCeist Gaeilge**

Ceathrar ar gach foireann

Fáilte roimh chách

Duaiseanna go leor



**(a)** Cén tseachtain atá luaite ar an bhfógra thuas?

**(b)** Cén dáta a raibh Lá Mór na Gaeilge ar siúl i gColáiste na Mara?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

- Ar an gcéad lá de mhí an Mhárta, 2023 ☐
- Ar an tríú lá de mhí an Mhárta, 2023 ☐
- Ar an tríú lá déag de mhí an Mhárta, 2023 ☐

**(c)** Cén praghas a bhí ar an mBricfeasta Blasta?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

- Bhí €1.00 ar an mbricfeasta. ☐
- Bhí €3.50 ar an mbricfeasta. ☐
- Bhí an bricfeasta saor in aisce. ☐

**(d)** Cén seomra ina raibh an Comórtas *Instagram* ar siúl?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

- I Halla na Scoile ☐
- I Seomra an Cheoil ☐
- I Seomra na Ríomhairí ☐

**(e)** Cá fhad a bhí an Comórtas *Instagram* ar siúl?

**(f)** Cad a bhí ar siúl i Seomra an Cheoil?

**(g)** Cén duais a fuair na damhsóirí is fearr ag an gCéilí Mór?

**(h)** Cé mhéad duine a bhí ar gach foireann ag Tráth na gCeist?

**(i)** Ar mhaith leat féin freastal ar aon imeacht atá ar an bhfógra?
Tabhair fáth **amháin** le do fhreagra.

**Ceist 7** **(80 marc)**

Léigh an píosa seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.



## Dermot Kennedy - ceoltóir agus amhránaí cáiliúil

**1.** Tá clú agus cáil ar Dermot Kennedy mar cheoltóir agus mar amhránaí in Éirinn agus ar fud an domhain. Is beag duine nár chuala trácht air. Tá a lán gradam bainte amach aige. Ainmníodh Dermot Kennedy do ghradam BRIT in 2020. Bhuaigh ceann dá chuid amhrán, Better Days duais RTÉ d'Amhrán Éireannach na Bliana in 2022.

**2.** Rugadh Dermot Kennedy sa bhliain 1991 agus d'fhás sé aníos i Ráth Cúil, Contae Bhaile Átha Cliath. D'fhreastail sé ar an mbunscoil agus ar an meánscoil ansin. Nuair a bhí sé óg bhí an-suim aige sa spórt agus d'imir sé peil agus sacar le linn a óige. Nuair a chríochnaigh Dermot an mheánscoil, d'fhreastail sé ar Ollscoil Mhá Nuad i gContae Chill Dara. Rinne sé staidéar ar an gceol ansin.

**3.** Thosaigh Dermot ag seinm an ghiotáir nuair a bhí sé 10 mbliana d'aois. Thosaigh sé ag scríobh amhrán nuair a bhí sé 14 bliana d'aois. Bhíodh Dermot ag buscáil go minic ar na sráideanna i mBaile Átha Cliath agus ina lán áiteanna eile anseo in Éirinn agus ar fud an domhain. Chuidigh a thuismitheoirí go mór leis agus is minic a thiomáin siad é chuig gigeanna in áiteanna éagsúla. Deir Dermot go ndeachaigh ceoltóirí eile i bhfeidhm go mór air, go háirithe Glen Hansard agus David Gray.



**4.** Tá a lán albam eisithe ag Dermot agus d'éirigh thar barr leo ar fad. D'eisigh sé a albam *Without Fear* sa bhliain 2019 agus an t-albam *Sonder* in 2022. Moladh a chuid amhrán *Giant* agus *Better Days* go mór agus fuair siad a lán poiblíochta ar na meáin shóisialta. Bíonn na milliúin duine ag éisteacht le ceol Dermot Kennedy ar na meáin éagsúla gach lá. Bhí ceolchoirmeacha móra aige in Éirinn, sna Stáit Aontaithe, san Astráil agus ar fud na hEorpa. Díoladh na ticéid ar fad do na ceolchoirmeacha go han-tapa, agus bhí na hallaí ceoil ar fad lán go doras.

**(a)** Cén fáth a bhfuil Dermot Kennedy cáiliúil? (Alt 1)
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

- Is Éireannach é. ☐
- Is ceoltóir agus amhránaí é. ☐
- Tá an-suim aige sa spórt. ☐

**(b)** Cén bhliain a bhuaigh an t-amhrán *Better Days* duais RTÉ d'Amhrán Éireannach na Bliana? (Alt 1)
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

- 1991 ☐
- 2020 ☐
- 2022 ☐

**(c)** Cén áit ar fhás Dermot Kennedy aníos? (Alt 2)
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

- I gCo. Chill Dara ☐
- I gCo. Bhaile Átha Cliath ☐
- Sna Stáit Aontaithe ☐

**(d)** Cén t-ábhar a ndearna Dermot Kennedy staidéar air ar an ollscoil? (Alt 2)

**(e)** Cén aois a bhí ag Dermot Kennedy nuair a thosaigh sé ag scríobh amhrán? (Alt 3)

**(f)** Cad a bhíodh á dhéanamh ag Dermot go minic ar na sráideanna i mBaile Átha Cliath? (Alt 3)

**(g)** An mbíonn a lán daoine ag éisteacht le ceol Dermot Kennedy? (Alt 4)

**(h)** Luaigh tír **amháin** ina raibh ceolchoirm ag Dermot Kennedy? (Alt 4)

**(i)** Beidh ceolchoirm ag ceoltóir cáiliúil go luath chun airgead a bhailiú do dhaoine bochta.
Scríobh amach an fógra don cheolchoirm sin. San fhógra luaigh:

an ceoltóir    an áit    an dáta    am tosaithe    praghas na dticéad.

**Ceist 8** **(25 marc)**

**(a)** Léigh na habairtí seo (1-6). Meaitseáil iad leis na pictiúir thíos.
Scríobh an uimhir cheart faoi gach pictiúr. Tá an chéad cheann déanta mar shampla duit.

**(1)** Itheann daoine bia anseo.
**(2)** Bhí an gadaí a robáil an siopa á choimeád san áit seo.
**(3)** Ceannaíonn mo thuismitheoirí bia don teaghlach san áit seo.
**(4)** Téann daoine isteach san áit seo nuair a bhíonn siad tinn.
**(5)** Bíonn daoine óga ag foghlaim san áit seo i rith na seachtaine.
**(6)** Is maith le daoine dul anseo chun éisteacht le ceoltóirí ag seinm.

**(b)** Scríobh síos ainm na háite atá le feiceáil i ngach pictiúr thíos. Tá an chéad cheann déanta mar shampla duit.




Abairt: *4*

Áit: *Ospidéal*



Abairt:

Áit:



Abairt:

Áit:



Abairt:

Áit:



Abairt:

Áit:




Abairt:

Áit:

**Ceist 9** **(35 marc)**

Is tusa duine de na daoine óga atá le feiceáil sna pictiúir thíos. Bhí tú ag rothaíocht go dtí an scoil le do chara. Scríobh síos an scéal atá léirithe sa tsraith pictiúr. Is tusa atá ag insint an scéil.




## Timpiste ar an mbealach go dtí an scoil

Spás breise scríbhneoireachta.

Lipéadaigh gach píosa oibre le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Spás breise scríbhneoireachta.

Lipéadaigh gach píosa oibre le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

**Admhálacha**

**Íomhánna**

| | |
|---|---|
| Na híomhánna ar leathanach 3: | Coimisiún na Scrúduithe Stáit |
| Na híomhánna ar leathanach 4: | Coimisiún na Scrúduithe Stáit |
| Na híomhánna ar leathanach 5: | Coimisiún na Scrúduithe Stáit |
| Na híomhánna ar leathanach 6: | www.youtube.com |
| An íomhá ar leathanach 7: | www.donegalwoman.ie |
| Na híomhánna ar leathanach 8: | www.evoke.ie, www.newsfeed.org, www.wikipedia.org, www.greystonesguide.ie |
| Na híomhánna ar leathanach 10: | www.wikipedia.org, www.dailyhive.com |
| Na híomhánna ar leathanach 12: | Coimisiún na Scrúduithe Stáit |
| Na híomhánna ar leathanach 13: | Coimisiún na Scrúduithe Stáit |

**Téacsanna**

An téacs ar leathanach 10: bunaithe ar fhoinsí éagsúla

**Fógra cóipchirt**

D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, (2000)*.
Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Ná scríobh ar an leathanach seo

Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí - Gnáthleibhéal

# Gaeilge T2

Déardaoin, 8 Meitheamh
Maidin 9.30 – 11.30